**CINNEADH (CBES) 2021/543 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Márta 2021**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/173/CBES a bhaineann le bearta sriantacha I bhfianaise na staide sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Márta 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/173/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/173/CBES, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 31 Márta 2022.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/173/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 6 de Chinneadh 2011/173/CBES:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Márta 2022.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Márta 2021

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

([1]) Cinneadh 2011/173/CBES ón gComhairle an 21 Márta 2011 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (IO L 76, 22.3.2011, lch. 68).